Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13370/22**

**ENFOPOL 497**
**SPORT 44**
**JAI 1313**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12152/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá le húsáid ábhar piriteicniúil i limistéir lucht féachana de staideanna peile agus d'ionaid spóirt eile a chosc agus cur ina coinne.<br>– *Conclúidí ón gComhairle* (an 13 Deireadh Fómhair 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá atá le húsáid ábhar piriteicniúil i limistéir lucht féachana de staideanna peile agus d'ionaid spóirt eile a chosc agus cur ina coinne, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3899ú cruinniú a bhí aici an 13 Deireadh Fómhair 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá le húsáid ábhar piriteicniúil i limistéir lucht féachana de staideanna peile agus d'ionaid spóirt eile a chosc agus cur ina coinne.**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

(1) Ag féachaint d'Airteagal 2 (An ceart chun beatha), d'Airteagal 3 (1) (An ceart chun iomláine coirp) agus d'Airteagal 31(1) (An ceart chun dálaí oibre lena n-urramaítear a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

(2) Ag féachaint do chuspóir an Aontais Eorpaigh ardleibhéal sábháilteachta laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar fáil do shaoránaigh trí ghníomhaíocht choiteann a fhorbairt idir na Ballstáit i réimse an chomhair póilíneachta.

(3) Ag féachaint do shláinte, sábháilteacht agus slándáil na milliún saoránach Eorpach a théann trasna na hEorpa gach bliain chun freastal ar chluichí peile agus ar chomórtais pheile Eorpacha (agus ar imeachtaí eile spóirt).

(4) Ag féachaint do shláinte, sábháilteacht agus slándáil na mílte saoránach Eorpach a ghlacann páirt i bhfeidhmeanna riachtanacha sábháilteachta agus slándála i staideanna peile agus in ionaid eile spóirt, a bhíonn i bhfeighil ar na feidhmeanna sin, a eagraíonn iad agus a sholáthraíonn iad.

(5) Ag féachaint d'éagsúlachtaí i measc na mBallstát maidir le (i) a n-imthosca bunreachtúla, breithiúnacha, cultúrtha agus stairiúla agus (ii) cineál agus déine na húsáide ábhar piriteicniúil a bhaineann le peil agus imeachtaí eile spóirt.

(6) Ag féachaint do na sonraí atá ar fáil lena bhfianaítear úsáid fhorleathan ábhar piriteicniúil ag lucht tacaíochta peile laistigh de staideanna peile ag comórtais le déanaí agus ag cluichí eile peile a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo, agus ag cluichí iomaíochta náisiúnta sna Ballstáit.

(7) Ag féachaint do na torthaí aonchiallacha i staidéar neamhspleách eolaíoch ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hábhair phiriteicniúla a úsáid i staideanna peile[1], inar thángthas ar an gconclúid, *inter alia*, nach féidir feistí piriteicniúla a úsáid go sábháilte i limistéir lucht féachana laistigh de staideanna peile agus de láithreacha eile spóirt[2].

(8) Ag féachaint do na gortuithe a bhaineann don lucht féachana, d'imreoirí agus d'oifigigh agus do phearsanra poiblí agus príobháideach sábháilteachta agus slándála a imscartar in ionaid pheile agus in ionaid eile spóirt trí úsáid fhollasach choiriúil agus cheiliúrtha a bhaint as ábhair phiriteicniúla.

(9) Ag féachaint do thromchúis na saincheiste seo agus ós rud é gur cion coiriúil nó riaracháin é ábhair phiriteicniúla a úsáid in ionaid pheile agus in ionaid eile spóirt sna creataí dlíthiúla i bhformhór na mBallstát.

(10) Ag féachaint do rialtais náisiúnta, d'údaráis pheile[3] agus do chlubanna peile, do na póilíní agus do ghníomhaireachtaí eile is infheidhme i ngach tír chun oibriú i gcomhpháirtíocht chun dlíthe náisiúnta a chur chun feidhme agus chun sláinte agus sábháilteacht lucht féachana, imreoirí, oifigeach agus pearsanra phoiblí, phríobháidigh sábháilteachta agus slándála agus daoine eile a bhíonn rannpháirteach i gcluichí peile a chosaint.

(11) Ag féachaint don chuspóir straitéiseach a leagtar amach i gcláir oibre 2018 Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus i gClár Oibre dá cuid ina dhiaidh sin maidir le bearta breise a cheaptar chun an tsábháilteacht agus an tslándáil a uasmhéadú i ndáil le himeachtaí spóirt, go háirithe cluichí peile, lena ngabhann gné idirnáisiúnta, inar moladh go nglacfadh gach Ballstát cur chuige náisiúnta comhtháite ilghníomhaireachta chun úsáid ábhar piriteicniúil i staideanna peile agus i staideanna eile spóirt a chosc agus chun cur ina coinne;

(12) Ag féachaint do Threoir 2013/29/AE an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát, i gcás ina bhféadfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh chun úsáid catagóirí áirithe earraí piriteicniúla ag an bpobal i gcoitinne agus díol na n-earraí sin leo a theorannú go háirithe ar chúiseanna a bhaineann leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht;

---

1 Tuarascáil ar an Staidéar ar *Pyrotechnics in Stadia*: *Health and Safety issues relating to the use of pyrotechnics in football stadia* [Ábhair Phiriteicniúla i Staideanna: Saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann le húsáid ábhar piriteicniúil i staideanna peile] a rinne an Dr Tom Smith (i gcomhar le comhghleacaithe saineolaithe ó gach cearn den Eoraip) i mí na Samhna 2016.

2 Ar na limistéir lucht féachana áirítear na bealaí isteach, na slite dála agus na hardáin.

3 Cumainn pheile náisiúnta nó cumainn pheile idirnáisiúnta.

(13) Ag féachaint do Mholadh 2022/915/AE ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí, lena dtugtar treoir agus caighdeáin chun comhar trasteorann san Aontas Eorpach a fheabhsú.

**DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS:**

IARRANN SÍ ar na Ballstáit, trína ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus trína n-údaráis phoiblí ábhartha eile, straitéis chuimsitheach náisiúnta a fhorbairt chun seilbh agus úsáid ábhar piriteicniúil i staideanna peile a chosc agus a chomhrac.

MOLANN SÍ do na Ballstáit straitéis náisiúnta, chomhtháite, ilghníomhaireachta a ghlacadh agus a chur chun feidhme i ndáil leis na cluichí peile uile a imrítear i staideanna agus na bearta a chur i bhfeidhm i ndáil le himeachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta eile spóirt a imrítear i láithreacha spóirt i gcás inarb iomchuí.

CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur cheart do na Ballstáit, agus a gcur chuige náisiúnta á fhorbairt acu, machnamh a dhéanamh ar na gnéithe eiseamláire atá i gceangal leis seo, ar gnéithe de straitéis náisiúnta, chomhtháite, ilghníomhaireachta iad.

CUIREANN SÍ dTÁBHACHT go ndéanfaidh an Chomhairle meastóireacht ar chur chun feidhme na gConclúidí seo laistigh de 3 bliana tar éis a nglactha chun go nglacfar bearta breise chun dul i ngleic le fadhb na húsáide ábhar piriteicniúil in ionaid pheile agus in ionaid eile spóirt.

**IARSCRÍBHINN**

## Úsáid Ábhar Piriteicniúil i Staideanna Peile agus Láithreacha Spóirt eile a Chosc agus Dul i nGleic léi i gcás inarb iomchuí

### Samhail-Chomhpháirteanna de Chur Chuige Náisiúnta Comhtháite Ilghníomhaireachta

Cuirtear na comhpháirteanna a mholtar san Iarscríbhinn seo i láthair i rannáin théamacha ar mhaithe le tagairt dóibh go héasca, cuirtear i bhfios go láidir, áfach, go mbeidh forluí i gceist idir na bearta molta agus gur gá iad a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar chuid de chur chuige cuimsitheach.

Cuirtear an bhéim ar úsáid ábhar piriteicniúil i staideanna peile, ach is féidir í a chur i bhfeidhm ar ionaid spóirt eile i gcás inarb iomchuí.

Cumhdaítear na téamaí seo a leanas:

1. Insint agus Prionsabail na Straitéise
2. Cumarsáid
3. Socruithe Náisiúnta Comhordúcháin
4. Socruithe Bainistithe Sábháilteachta agus Slándála i Staideanna
5. Straitéisí agus Oibríochtaí um Peil a Phóilíniú
6. Údaráis Ionchúisimh agus Bhreithnithe
7. Socruithe Oiliúna

**Achoimre ar Ghnéithe Eiseamláire.**

**1. Insint agus Prionsabail na Straitéise (féach freisin na teachtaireachtaí thíos)**

(a) Ba cheart insint na straitéise a dhíriú ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta amháin, agus diúltú d'aon mholadh maidir le spreagadh malartach[4].

(b) Chun an scéal sin a threisiú, ba cheart an straitéis a dhearadh agus a sheachadadh d'fhonn imeallú a dhéanamh ar thionchar na ndaoine aonair agus na ngrúpaí a leanann d'ábhair phiriteicniúla a úsáid, nó a n-úsáid i staideanna a spreagadh, d'ainneoin na rioscaí a bhaineann léi do chomhthacadóirí agus do dhaoine eile.

(c) Chun feabhas a chur ar an dearcadh atá ag tacadóirí ar dhlisteanacht na straitéise, ba cheart aird a tharraingt san insint ar an intinn atá sa straitéis sláinte agus sábháilteacht an duine a chosaint, agus beartais agus smachtbhannaí a shaothrú lena ndírítear ar dhéantóirí na coire seachas ar thacadóirí i gcoitinne.

(d) Chun dearcthaí dlisteanachta i measc na ngníomhaithe ábhartha uile a fheabhsú a thuilleadh, ba cheart rannpháirtíocht lucht tacaíochta i bhforbairt léirithe/taispeántas neamh-phiriteicniúil ag tacadóirí sna staideanna a spreagadh agus a éascú san insint.

**2. Cumarsáid**

(a) Ba cheart straitéis réamhghníomhach ilghníomhaireachta chumarsáide agus láimhseála meán a bheith mar bhonn taca le hinsint na straitéise, agus í saincheaptha chun freastal ar riachtanais agus imthosca náisiúnta, a bheadh ceaptha chun:

- aird a tharraingt ar thorthaí an staidéir eolaíoch neamhspleách;
- eolas agus tionchar a imirt ar dhearcthaí na bpáirtithe uile, lena n-áirítear tacadóirí, rialtais, an pobal agus cleachtóirí atá i mbun socruithe pleanála agus oibríochtúla le haghaidh na n-imeachtaí peile go léir;

[4] Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh

- a mhíniú cén chaoi agus cén fáth a bhfuil rioscaí sláinte agus sábháilteachta móra, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, ag baint le húsáid ábhar piriteicniúil d'úsáideoirí, do chomhthacadóirí, do bhaill foirne na staide agus na seirbhíse éigeandála, d'imreoirí, d'oifigigh agus do dhaoine eile;

- an gá iarmhartach le bearta coisctheacha agus forfheidhmithe atá ceaptha chun lucht féachana, pearsanra staide agus seirbhísí éigeandála agus daoine eile a chosaint ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hábhair phiriteicniúla a úsáid i staideanna.

(b) Leis an straitéis chumarsáide agus meán, ba cheart leas iomlán a bhaint as ábhair ardcháilíochta oideachais agus mhíniúcháin, a d'fhéadfadh tionchar na bhfeachtas náisiúnta, ilghníomhaireachta, cumarsáide, oideachais agus coisctheacha a uasmhéadú.

**3. Socruithe Náisiúnta Comhordúcháin**

(a) Tiomantas ardleibhéil polaitiúil a léiriú agus comhordú éifeachtach ilghníomhaíochta a éascú: ba cheart forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise a bheith faoi stiúir comhlachta fhreagraigh ar leibhéal an rialtais.

(b) Ba cheart don straitéis a bheith cuimsitheach, i gcomhréir le dea-chleachtais Eorpacha sheanbhunaithe, agus tacú le comhchuibhiú an chreata reachtaigh agus rialála náisiúnta d'fhonn forálacha a chur san áireamh inti lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

- soiléireacht a thabhairt maidir le róil agus freagrachtaí gach gníomhaireachta atá ag gabháil d'oibríochtaí sábháilteachta agus slándála i staideanna peile;

- a mholadh go dtabharfaí de chumhacht do na húdaráis phoiblí agus pheile ábhartha uile, agus go gcuirfí ar a gcumas dóibh agus go gcuirfí d'oibleagáid orthu gníomhú go héifeachtach i gcoinne úsáid ábhar piriteicniúil laistigh de staideanna peile;

- a mholadh go ndéanfaí a áirithiú gur cion coiriúil nó riaracháin é ag aon duine aon fheiste phiriteicniúil nó aon chomhpháirt de, a úsáid nó a bheith ina sheilbh aige, ar theacht isteach don duine nó le linn don duine a bheith laistigh de staid pheile;

- a mholadh go ndéanfaí a áirithiú gur cion coiriúil nó riaracháin é úinéir, bainisteoir, oibreoir, fostaí (díreach nó ar conradh) club nó staid, nó tríú páirtí, a bheith ag spreagadh nó ag éascú úsáid ábhar piriteicniúil ag tacadóirí i staideanna;
- cion coiriúil nó riaracháin a dhéanamh de dhuine a bheith ag allmhairiú nó ag dáileadh ábhar piriteicniúil lena n-úsáid i staideanna peile;
- a mholadh go ndéanfaí socruithe deimhniúcháin sábháilteachta staide agus ceadúnaithe staide a nascadh go díreach le cur i bhfeidhm socruithe cuimsitheacha bainistithe sábháilteachta staide ina gcuimseofaí, *inter alia*, straitéis éifeachtach chun úsáid ábhar piriteicniúil a chosc agus chun cur ina coinne.

**4. Socruithe Bainistithe Sábháilteachta agus Slándála i Staideanna**

(a) Ba cheart cur chuige comhsheasmhach a áirithiú sa straitéis chun úsáid ábhar piriteicniúil i staideanna a chosc agus chun cur ina coinne i gcás cluichí baile agus idirnáisiúnta araon.

(b) Leis an straitéis, ba cheart a chur d'oibleagáid ar na húdaráis pheile comhordú a dhéanamh ar ullmhú agus ar úsáid samhail-fhorálacha maidir le cosc agus cur i gcoinne úsáid ábhar piriteicniúil i staideanna lena n-áireamh i rialacháin sábháilteachta staide agus in oibríochtaí sábháilteachta agus slándála staide.

(c) Ba cheart don straitéis an moladh a sholáthar chun a áirithiú go bpléifidh údaráis pheile, clubanna agus Oifigigh Idirchaidrimh Tacadóirí le grúpaí tacadóirí na rioscaí a bhaineann le húsáid ábhar piriteicniúil i staideanna.

(d) Ba cheart don straitéis an moladh a sholáthar chun a áirithiú go n-oibreoidh údaráis agus clubanna peile leis na póilíní chun daoine aonair a úsáideann gléas piriteicniúil a shainaithint agus chun díriú orthu, agus na daoine sin a dhéanann úsáid ábhar piriteicniúil a eagrú.

(e) Leis an straitéis, ba cheart comhlachtaí rialála/araíonachta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a spreagadh chun breithniú a dhéanamh ar roghanna atá ceaptha le forbairt (neamh-phiriteicniúil) mhalartach taispeántas tacaíochta ag tacadóirí i staideanna peile a chur chun cinn agus a éascú.

**5. Straitéisí agus Oibríochtaí um Peil a Phóilíniú**

(a) Leis an straitéis, ba cheart a cheangal ar lucht déanta beartas póilíneachta, agus ar chleachtóirí a áirithiú go ndéanfar oibríochtaí peile a phóilíniú a phleanáil agus a chur i gcrích agus aitheantas iomlán ann go bhféadfadh rioscaí suntasacha don tsláinte phoiblí agus don tsábháilteacht a bheith ag baint le húsáid gach feiste phiriteicniúil i staideanna agus, dá réir sin, gur cheart iad a chosc agus cur ina gcoinne.

(b) Ba cheart a spreagadh leis an straitéis go n-úsáidfí go hiomchuí an fhéidearthacht a leagtar amach i dTreoir 2013/29/AE lena gceadaítear do na Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh chun seilbh, úsáid agus/nó díol earraí piriteicniúla a thoirmeasc nó a shrianadh ar fhorais an oird phoiblí, na slándála, na sláinte agus na sábháilteachta.

(c) Ba cheart don straitéis díriú ar eisiamh agus ar smachtbhannaí eile, ar dhaoine aonair a úsáideann, a eagraíonn nó a éascaíonn úsáid ábhar piriteicniúil, nó a bhfuil feistí nó comhpháirteanna piriteicniúla ina seilbh acu laistigh de staideanna peile.

(d) Ba cheart a áireamh sa straitéis bearta atá ceaptha chun Treoir an Aontais maidir le hEarraí Piriteicniúla 2013/29 i ndáil le deimhniú táirgí agus rialuithe soláthair a fhorfheidhmiú, agus na forálacha aicmithe agus iompair a leagtar amach sa Chomhaontú maidir le hIompar Earraí Contúirteacha san Eoraip (ADR).

(e) Leis an straitéis, ba cheart na húdaráis phoiblí ábhartha a spreagadh chun bearta a shainaithint agus a shaothrú chun allmhairiú agus dáileadh neamhdhleathach earraí piriteicniúla a shuaitheadh agus a chosc (lena n-áirítear trí fhoinsí ar líne), chomh maith le héascú úsáid neamhdhleathach na n-earraí piriteicniúla sin i staideanna a shuaitheadh agus a chosc, agus díriú ar dhéantóirí na coire chun smachtbhannaí agus bearta eisiaimh a fhorchur. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh geallsealbhóirí amhail UEFA, comhlachais náisiúnta agus clubanna a bheith rannpháirteach i srianta rochtana a fhorchur ar bhonn iompraíochtaí roimhe seo.

**6. Údaráis Ionchúisimh agus Bhreithnithe**

(a) Ba cheart a áireamh sa straitéis socruithe chun a áirithiú go dtuigfidh comhlachtaí ionchúisimh agus údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin agus bhreithnithe go hiomlán na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le gléasanna piriteicniúla a úsáid laistigh de staideanna peile.

## 7. Socruithe Oiliúna

(a) Ba cheart a chinntiú sa straitéis go n-áireofar seisiúin maidir le cosc agus freagairt ar úsáid ábhar piriteicniúil i staideanna in oiliúint an phearsanra sábháilteachta agus slándála go léir i staideanna, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na baill foirne sin fostaithe go díreach nó ar conradh.

(b) Ba cheart a áirithiú sa straitéis go n-áireofaí in imeachtaí oiliúna sa phóilíneacht náisiúnta agus uile-Eorpach seisiúin ar an ngá atá le húsáid ábhar piriteicniúil a chosc agus cur ina coinne.

(c) Ba cheart a áirithiú leis an straitéis go n-áireofar sa chomhoiliúint náisiúnta agus uile-Eorpach a chuirtear ar oifigigh shábháilteachta (slándála) staideanna agus ar phearsanra póilíneachta seisiúin maidir le húsáid ábhar piriteicniúil i staideanna a chosc agus cur ina coinne.

(d) Leis an straitéis, ba cheart na húdaráis agus na clubanna peile a spreagadh chun feasacht a mhúscailt i measc imreoirí agus oifigigh chluiche maidir leis an ngá atá le haon teagmháil le hábhair phiriteicniúla a sheachaint agus, i gcás gníomhaithe ábhartha amhail imreoirí, cóitseálaithe agus bainisteoirí, gan spreagadh ná tacaíocht a thabhairt d’úsáid ábhar piriteicniúil d’aon ghnó nó de thaisme.

(e) Ba cheart an straitéis a bheith ina huirlis chun oideachas agus oiliúint a chur ar ghrúpaí tacaíochta maidir leis an riosca a bhaineann le húsáid ábhar piriteicniúil i staideanna.